



1. Bhí cluiche iománaíochta **tábhachtach** ar siúl sa pháirc. **Cluiche ceannais** a bhí ann agus bhí mise ar fhoireann na scoile. Bhí slua mór ag féachaint ar an chluiche sa staid.

2. Sa dara leath, bhuail imreoir eile mé lena chamán agus thit mé ar an talamh. Bhí mé gortaithe go dona – bhí an pian millteanach. **Shéid an réiteoir an fheadóg** agus tháinig fir amach ar an pháirc **ag iompar sínteáin**.



3. Chuaigh muid go dtí an t-ospidéal agus thóg siad mé **díreach** go dtí an t-ionad Timpiste agus Éigeandála. Bhí beirt eile sa **seomra feithimh** ag fanacht ar na dochtúirí.



4. Bhí muid ag fanacht ansin dhá uair nuair a tháinig dochtúir. Ní raibh mo mhúinteoir spóirt ró-shásta. Mhínigh an dochtúir go raibh **easpa foirne** san ospidéal. Bhí an pian go huafásach!



5. **Rinneadh x-gathú** agus cuireadh mo chos i bplastar. Dúirt an dochtúir go raibh mo chos briste go dona agus go raibh sos fada **de dhíth orm**. Ní raibh mé pioc sásta.



6. Ní raibh cead agam imirt **go ceann cúig mhí**. Bhí sé iontach go deo leadránach agus thosaigh mé **ag imirt fichille**. Ach **ní raibh neart air** - Ní raibh aon rud eile le déanamh agam!